



Dáta: 05/02/2019

Imlitir 0005/2019

Teastas Iarchéime in Oideachas Daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU/ASD) do mhúinteoirí atá ag obair le Daltaí le NSU i Scoileanna Speisialta, Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Speisialta Oideachais i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna príomhshrutha, 2019/2020

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Réamhrá

Díreoidh an clár ar fhorbairt ghairmiúil teoriciúil agus praiticiúil suntasach do mhúinteoirí atá ag obair le daltaí le NSU agus, dá réir, beifear ábalta cur le hacmhainn iomlán na scoile sa réimse seo.

1. An Clár 2019-2020

Sa scoilbhliain 2019-2020 cuirfear Teastas Iarchéime in Oideachas Daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais ar fáil in OCBÁC, Institiúid Oideachais OCBÁC, OCBÁC Campas Naomh Pádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Beidh an Clár ar siúl ó Mheán Fómhair 2019 go dtí go tú mhí an Mheithimh 2020.

Tá foirm iarratais leis an Imlitir seo agus í le comhlánú ag múinteoirí incháilithe a bhfuil spéis acu a bheith páirteach sa chlár. Is cóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig **Institiúid Oideachais OCBÁC, Cathaoirleach Chlár GCEAS, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Naomh Pádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO**, le bheith faighte faoi **4 Márta 2019** ar a dhéanaí.

Tá ocht n-áit dhéag ar fáil ar an gClár don bhliain 2019/2020.

2. Maoiniú

Is í an Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna a chuirfidh maoiniú ar fáil don chlár seo.

3. Aidhm agus Ábhar

Is í aidhm an chláir ná oiliúint teoriciúil agus phraiticiúil suntasach a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag obair le daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais agus, dá réir, cur le hacmhainn iomlán na scoile sa réimse seo. Bronnfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cáilíocht i bhfoirm Teastas Iarchéime. Déanfar rannpháirtithe a mheas ar bhonn **lán-tinreamh** ag ionad an chláir agus **lán-pháirtíocht** i gcian eilimintí an chúrsa, tascanna a thugtar a chomhánú mar aon le hobair scríofa agus feitheoireacht ar obair scoile. Tá eolas breise ar fáil ar an leathanach gréasáin www.DCU.ie/courses/Postgraduate/institute_of_education/Graduate-Certificate-Education-Pupils-Autism-Spectrum.

4. Fad agus Eagar

Clár bliana, páirtaimseartha ó Mheán Fómhair 2019 go Meitheamh 2020, ina mbeidh 5 mhodúil, atá i gceist. Déantar an cúrsa a sholáthar trí mhodhanna cianfhoghlama, foghlaim ar an láthair ag Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Naomh Pádraig agus déantar rannpháirtíocht phraiticiúil múinteoirí le daltaí sna scoileanna a mheas. Éilíonn an clár go scaoiltear rannpháirtithe ó n-a scoileanna ar feadh trí seachtaine le linn na bliana acadúla.

Beidh teagasc aghaidh-ar-aghaidh, ranganna teagasc agus cuairteanna chuig suíomhanna oideachais eile chun samplaí den bharrchleachtas a bhreathnú mar chuid den chlár. Clúdóidh cian-eilimintí an chúrsa rannpháirtíocht sioncronach agus aisioncronach ar líne (ábhair an chúrsa, léachtaí ar líne agus pléfhóirí).

5. Incháilitheacht

Tabhair aird go gcaithfidh gach múinteoir a bheith cláraithe i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Féach ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Baineann an clár seo le múinteoirí cláraithe a bhfuil post acu faoi láthair atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá ag obair faoi láthair le daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais nó a bheidh ag obair le daltaí le NSU le linn fad an Chláir i mBunscoileanna aitheanta lena n-áirítear Scoileanna Speisialta agus in Iar-Bhunscoileanna aitheanta. **Tá an clár saindeartha chun cuidiú le múinteoirí freastal ar riachtanais theagasc agus fhoghlama daltaí le NSU.** Dá bhrí sin caithfidh iarratasóirí féideartha ról teagasc a bheith acu a bhaineann le daltaí le hUathachas.

(a) Bunleibhéal:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir¹ le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil bunscoile príomhshrutha nó chun daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a theagasc.

Ba chóir d’iarratasóirí ó Bhunscoileanna an tréimhse promhaidh a bheith comhlíonta go sásúil.

(b) Iar-bhunleibhéal:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil iar-bhunscoile príomhshrutha nó chun daltaí le riachtanais speisialta oideachais a theagasc in earnáil na iar-bhunscoile.

Ba chóir d’iarratasóirí ó Iar-Bhunscoileanna an tIonduchtú agus an Fhostaíocht Iarcháilíochta (PQE) a bheith comhlíonta go sásúil

(c) Scoileanna Speisialta:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil bunscoile nó iar-bhunscoile príomhshrutha nó chun teagasc i suíomhanna scoileanna speisialta.

Ba chóir d’iarratasóirí ó Scoileanna Speisialta a dtréimhse promhaidh a bheith comhlíonta go sásúil

Nuair a bhíonn múinteoirí ar an gclár, agus ar feadh tréimhse réasunta tar éis críoch an chláir, moltar do bhainistíocht na scoile gach iarracht a dhéanamh lena dheimhniú go leanann an tairbhe do dhaltaí le hUathachas ó eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí fhoghlaim agus teagasc dhaltaí le hUathachas a dháileadh ar an mhúinteoir atá i gceist. Is féidir cleachtais chomhoibritheacha, cosúil le teagasc-foirne, a beith mar chuid de na socrúithe seo.

Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh ar mhúinteoirí fáil a bheith acu ar ríomhaire agus ar an Idirlíon.

Ba chóir d’iarratasóirí a thuiscint go mbeidh gá le fianaise ar sheiceáil an Gharda don rannpháirtíocht ar an gcúrsa.

¹ Tá litir do Dheimhniú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Saoráid Logála Isteach do Mhúinteoirí Cláraithe ar láithreán na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

6. Iarratais agus Roghnú

Tagann Foirm Iarratais leis an Imlitir seo atá le comhlánú ag múinteoirí incháilithe a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa chlár.

Mar ghnáthnós, ní ghlacfar le hiarratais ach ó mhúinteoir amháin in aghaidh na scoile a shásaíonn na riachtanais mar atá san Imlitir seo.

Tábhachtach

Ba chóir do mhúinteoirí incháilithe a bhíonn ainmnithe ag údaráis na scoile agus ar mian leo go ndéanfaí iad a mheas don **Teastas Iarchéime** iarratas a chur chuig **Cathaoirleach Chlár GCEAS, Scoil an Oideachais Ionchuimsithe agus Speisialta, Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Naomh Pádraigh, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO** le bheith faighte faoi **4 Márta 2019** ar a dhéanaí.

Fón: (01) 8842143; ríomhphost: tish.balfe@OCBÁC.ie .

Ní gá d'iarratasóirí don chlár seo freastal ar agallamh.

7. Táillí

Ní bheidh aon táille ná aon chostais clárúcháin i gceist d'iarratasóirí incháilithe faoi théarmaí na hImlitreach seo.

8. Taisteal agus Cothabháil

Beidh taisteal agus cothabháil ar fáil d'aon eilimintí aghaidh-ar-aghaidh den chlár faoi réir Imlitreach 11/82 Taisteal agus Cothabháil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tabhair aird, maidir le haon taisteal agus cothabháil, gur é an ráta oiliúna a bheidh i gceist.

9. Saoire Phearsanta Breise (EPV)

Ní cheadóar aon saoire phearsanta breise i ngeall ar a bheith páirteach sa Chúrsa seo.

10. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, ach beidh gá le faomhadh údarás bhainistíochta na scoile/ an BOO. Caithfidh gá a bheith leis an ionadaíocht chun tréimhsí neamhláithreachta faofa an mhúinteora a chlúdach ó dhualgas teagaisc chun freastal ar an gcúrsa. Caithfidh an scoil doiciméid ón gColáiste ina luaitear na sonraí a choinneáil. **Ba chóir a bheith san airdeall nach gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna íocaíocht ionadaíochta ar fáil má ghlacann an múinteoir neamhláithreacht phearsanta nuair a bhíonn eilimint an bhlocscaoilte den Chlár ar bun.**

11. Socruithe Tuarastail

Leanfar ag íoc tuarastail ar an ngnáthbhealach le gach múinteoir a bhíonn ar iasacht óna scoil faoi théarmaí an Chláir.

Tabhair aird nuair a bhíonn an Clár seo críochnaithe go sásúil nach mbeidh aon teidlíocht ar íocaíocht bhreise ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

12. Clár Máistreachta

Nuair a bhíonn an Teastas Iarchéime in Oideachas Daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais críochnaithe go sásúil beidh múinteoirí incháilithe le cur isteach ar an Máistreacht san Oideachas in Uathachas (M.Oid. in Uathachas) ag Institiúid Oideachais OCBÁC.

Jim Mulkerrins
Príomhoifigeach

Feabhra 2019

**Teastas Iarchéime ar Oideachas Daltaí le
Neamhord ar Speictream an Uathachais 2019-2020**

Foirm Iarratais

Comhlánaigh agus cuir ar ais chuig:

**Stiúrthóir an Chláir GCEAS, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Institiúid Oideachais OCBÁC,
OCBÁC Campas Naomh Pádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO
le bheith faighte faoi 4 Márta 2019 ar a dhéanaí**

Fón: (01) 8842143

ríomhphost: tish.balfe@OCBÁC.ie

1. Sonraí Pearsanta

Ainm: _____ Scoil: _____

Seoladh Baile: _____ Seoladh Scoile & Éirchód: _____

Fón Baile: _____ Uimhir Rolla na Scoile: _____

Fón Póca: _____ Fón Scoile: _____ Facs: _____

Ríomhphost Pearsanta: _____ Ríomhphost Scoile: _____

Uimhir Phárolla an Mhúinteora: _____ Príomhoide: _____

Luaigh an Bhliain a críochnaíodh Ionduchtú agus Promhadh/ riachtanas PQE: _____

2. Sonraí Clárúcháin (de réir Teastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó litir dheimhnithe ar Dheimhniú Clárúcháin)*

Uimhir Chlárúcháin an Mhúinteora _____ Earnáil Oideachais _____

An bhfuil Seiceáil an Gharda reatha agat? Tá Níl

* Caithear cóip den **Teastas Clárúcháin** nó **litir ar Dheimhniú Clárúcháin** a bheith leis an bhfoirm seo

3. Post Teagaisc Reatha

3 (a) Cuir tic leis an gceann acu seo is fearr a dhéanann cur síos ar do Stádas Fostaíochta reatha:

Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ)

Conradh Téarma Seasta

Buan

Eile, mínigh le do thoil: _____

Má tá tú fostaithe ar Bhonn Páirtaimseartha, cé mhéad uaire an chloig fostaíochta atá agat? _____

3 (b) Inis le do thoil:

- An méid blianta san iomlán atá tú ag teagasc _____
- An méid blianta san iomlán atá tú sa scoil reatha _____
- An méid blianta san iomlán atá tú ag teagasc daltaí le NSU _____
- An uair a ceapadh tú sa phost ina bhfuil tú faoi láthair _____

3 (c) Cuir tic leis an gceann acu seo is fearr a dhéanann cur síos ar an bpost teagaisc a bheidh agat i 2019/2020:

Bunscoil Príomhshrutha

- Múinteoir ranga a bhfuil líon suntasach daltaí le NSU á theagasc agat
- Múinteoir Oideachas Speisialta, ag teagasc daltaí le NSU faoi láthair
- Múinteoir i rang speisialta do dhailtá le NSU
- Múinteoir i rang speisialta do dhailtá le riachtanais speisialta oideachais, ina measc daltaí le NSU
- Eile (Mínigh le do thoil) _____
- Cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat? _____

Iar-Bhunscoil Príomhshrutha

- An múinteoir Oideachas Speisialta amháin tú? Sea Ní hea

- Cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat?
- Cé mhéad uair an chloig san iomlán, in aghaidh na seachtaine, a bhfuil daltaí le NSU á theagasc agat?

BI 1	BI 2	BI 3	BI 4	BI 5	BI 6

- An Múinteoir Oideachas Speisialta agus Múinteoir Ábhair tú? Is ea Ní hea

- Agus tú mar Mhúinteoir Oideachas Speisialta:
 - Cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat?
 - Cé mhéid uair an chloig san iomlán, in aghaidh na seachtaine, a chaitheann tú ag teagasc leanaí le NSU?
- Agus tú mar mhúinteoir **ábhair**, cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat?

BI 1	BI 2	BI 3	BI 4	BI 5	BI 6

- An Múinteoir Ábhar tú GAN Uaireanta Oideachas Speisialta? Is ea Ní hea

- Mar mhúinteoir ábhar:
 - Cé mhéad dalta le NSU a bhíonn á theagasc agat i do rang príomhshrutha?

BI 1	BI 2	BI 3	BI 4	BI 5	BI 6

- An Múinteoir Lánaimseartha tú i rang speisialta do dhaltaí le NSU? Is ea Ní hea

- Cé mhéad dalta le NSU atá i do rang?
- Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ag teagasc daltaí le NSU, gach seachtain?

BI 1	BI 2	BI 3	BI 4	BI 5	BI 6

Scoil Speisialta

- Múinteoir ranga ag múineadh daltaí le riachtanais speisialta oideachais, NSU san áireamh
- Múinteoir ranga ag teagasc daltaí le NSU
- Múinteoir ábhair, ina bhfuil an t-ábhar á rochtain ag daltaí le NSU. (luaigh an t-ábhar) _____
- Príomhoide ar Scoil Speisialta ian bhfuil an Príomhoide ag teagasc agus daltaí le NSU ina rang

Sa ról atá agat thuas, cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat? _____

Deimhnigh le do Phríomhoide go bhfuil tú, nó go mbeidh tú, ag obair le daltaí le NSU le linn an Chláir, mar atá luaite thuas.

Tá sé deimhnithe agam le mo Phríomhoide gur mar sin a bheidh: Tá: Níl:

4. Taithí Múinteoireachta Roimhe Seo

4 (a) Líon na mblianta ag teagasc i ranganna príomhshrutha: _____

Ainm agus Seoladh an Scoile(anna): _____

Dátaí: _____

4 (b) Sular ghlac tú leis an bpost múinteoireachta atá agat faoi láthair, inis cé mhéad bliain a chaith tú i scoileanna speisialta / ranganna speisialta / teagasc oideachas speisialta:

Ainm agus Seoladh na Scoil(eanna):
(Luaigh an ról teagaisc le do thoil):

Dátaí:

<hr/>	<hr/>
<hr/>	<hr/>
<hr/>	<hr/>
<hr/>	<hr/>

4 (c) Aon taithí ábhartha eile i suíomhanna oideachais:

5. Cáilíochtaí gairmiúla agus eile atá agat

Coláiste, Ollscoil nó Foras Cáiliúcháin	Dátaí freastail agus pé acu lanaimseartha nó páirtaimseartha	An Chéim agus Cáilíochtaí eile atá bronnta/ le bronnadh	Grád/ Leibhéal (más ann dá leithéid)	Ábha(i)r	Dáta a bronnadh

6. Forbairt Ghairmiúil Roimhe seo (m.sh. Ionduchtú, SESS, seachas FGL).

Ainm & Dátaí an Chúrsa um Forbairt Ghairmiúil	Fad an Chúrsa	Grád/ Leibhéal (más ann dá leithéid)	Ábha(i)r	An Bhliain a Críochnaíodh an Cúrsa um fhorbairt Ghairmiúil	Comhlacht Creidiúnúcháin

7. Eolas Breise

7 (a) Ar chuir tú isteach cheana ar aon Teastas Iarchéime san Oideachas do dhaltaí le NSU? Chuir Níor chuir
Má chuir, cén bhliain ina ndearnadh tú an t-iarratas a chur isteach? _____

7 (b) Tabhair le fios an fáth/na fáthanna inar chuir tú isteach ar an gclár.

7 (c) Tabhair aon eolas eile a bheidh cabhrach, dar leat, maidir le d'iarratas don chlár seo a mheas.

7 (d) Tábhair le fios cé na scileanna TFC atá agat:

Tosaitheoir

Cumasach

Ardchumasach

Aon eolas eile a bhaineann le do scileanna TFC:

8. **Ainm, seoladh agus uimhreacha rolla gach scoil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair, má bhaineann**

Ainm na Scoile

Seoladh na Scoile

Uimhir Rolla na Scoile

9. **Le Comhlánú ag an Iarratasóir**

Tá Imlitir 0005/2019 léite agam agus aontaím go gcomhlíonfaidh mé na coinníollacha is gá maidir le rannpháirtíocht ar an gclár ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agam. Dearbhaím go bhfuil gach eolas atá tugtha ar an bhfoirm cruinn agus má scoiltear isteach ar an gclár mé, dearbhaím go gcloífidh mé le rialacha agus rialúcháin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus go gcomhlíonfaidh mé coinníollacha riachtanacha an chláir.

Tuigim go bhfuil gá le fianaise ar sheiceáil an Gharda le bheith páirteach ar an gcúrsa.

SÍNIÚ: _____

DÁTA: _____

10. Le Comhlánú ag Údaráis na Scoile

Déanaim _____ a ainmniú chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus dearbhaím go bhfuil an t-iarrasóir don chúrsa seo cláraithe mar mhúinteoir i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Dearbhaím go bhfuil, nó go mbeidh, an múinteoir thuasluaite ag obair le daltaí le NSU don tréimhse lena mbaineann an Clár, go gceadóidh a (h)ualach oibre do/di lánbhuntáiste a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á ofráil agus go gcloifear leis na critéir mar atá in Imlitir 0005/2019

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha ar an bhfoirm iarratais cruinn agus má fhaigheann an múinteoir ainmnithe áit ar an Teastas Iarchéime in Oideachas Daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU) 2019/2020, go n-aontaíonn an Bord Bainistíochta é/i a scaoileadh chun freastal ar an gclár agus go gcomhlíonfar gach riachtanas maidir leis an gcúrsa mar atá luaite in Imlitir 0005/2019.

SÍNÍÚ: _____ DÁTA: _____
(Príomhoide)

COMHSHÍNÍÚ: _____ DÁTA: _____
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Spríocdháta chun iarratais a fháil ná 5pm, 4 Márta 2019

Cuir an fhoirm chomhlánaithe ar ais le do thoil mar aon le cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir le Deimhniú Clárúcháin chuig:

Stiúrthóir an Chláir GCEAS
Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta
Institiúid Oideachais OCBÁC
OCBÁC Campas Naomh Pádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9,
DO9DYOO

Go raibh maith agat as do chomhoibriú maidir leis an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú.

Cosaint Sonraí

Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi rún leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo agus ní bhainfear úsáid astu ach don ghnó sin amháin atá i gceist. Is í an príomhchúis go bhfuil gá ag an Roinn leis na sonraí pearsanta atá tugtha agat do choláistí ábhartha ná chun sonraí an mhic léinn a phróiseáil don fhreastal ar chúrsaí RSO chun incháilitheacht a sheiceáil agus chun faomhadh ar mhaithe le hionadaíocht a phróiseáil. D'fhéadfadh go ndéanfaidh an Coláiste na sonraí pearsanta a thugann tú a chur ar fáil don Roinn i gcomhréir leis an scéim. Is féidir teacht ar an nóta príomháideachta a thugann tuilleadh eolais maidir leis an bhfoirm seo a fháil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/>.

Tá na sonraí go léir maidir le polasaí um chosaint sonraí na Roinne ina mínítear conas mar a bhainfear úsáid as do shonraí pearsanta nó iad siúd a bhaineann le do leanbh mar aon le heolas maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil freisin ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá fáil ar eolas faoin bpolasaí agus faoin nóta príobháideachta seo mar chruachóip ón seoladh thíos ach a leithéid a éileamh.

Rannóg Oideachas Múinteoirí
Corn na Madadh
Baile Átha Luain
Contae na hIarmhí

N37 X659